IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
UNIVERSITIES ACT, 1997

# OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

# REACHT CCCLXX

**National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh***

# STATUTE CCCLXX/*REACHT CCCLXX*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twelfth day of December, Two Thousand and Nineteen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an dara lá déag seo de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Naoi Déag.*

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala*
*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí*

## Schedule – STATUTE CCCLXX/*Sceideal – REACHT CCCLXX*

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

**CAIBIDIL I**

**ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE**

1. Déantar leis seo Reacht CCCXLIV a chúlghairm.

2. I gcomhthéacs thábhacht na Gaeilge i saol agus i Straitéis na hOllscoile, agus de bhun agus chun críche straitéis forbartha na hOllscoile i leith na hollscolaíochta Gaeilge a fheidhmiú, aithnítear Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ('an tAcadamh') mar Institiúid Léinn, agus stádas Scoile aige, i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.

3. Is trí Ghaeilge a reáchtálfaidh an tAcadamh a ghnó acadúil agus oibríochtúil.

4. Is é feidhm an Acadaimh pobal teanga agus léinn a fhorbairt, a spreagadh agus a mhisniú i dtimpeallacht bhisiúil ardléinn atá fréamhaithe i dteanga agus i ndúchas na Gaeilge. Chuige sin, déanfar tuairisc de chuid an Acadaimh a phlé ag cruinnithe na Comhairle Acadúla maidir le freagracht an Acadaimh as gníomhaíochtaí léinn agus taighde, agus as an teagasc trí Ghaeilge ar champas na hOllscoile agus sa phobal i gcoitinne maraon leis na hIonaid Ollscoile sa Ghaeltacht.

5. Stiúrthóir a thabharfar ar cheann aonaid an Acadaimh agus beidh an Stiúrthóir ag tuairisciú do Dhéan Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.

6. Beidh cáilíochtaí, ceapachán, ról agus dualgais Stiúrthóir an Acadaimh ag teacht feasta leis na nósanna imeachta ginearálta a bhaineann le ceapachán, ról agus dualgais na gCeann Scoile san Ollscoil. Beidh feidhm bhreise bainistíochta agus nuálaíochta ag teastáil leis an ról ceannasaíochta ar an Acadamh a chomhlíonadh i bhfianaise ilghnéitheacht oibríochtaí agus tíreolaíochta an Acadaimh.

7. Beidh Comhairle Bainistíochta ag an Acadamh, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra, agus beidh an Chomhairle sin freagrach as gnáthriaradh laethúil an Acadaimh. Beidh an Stiúrthóir in éineacht le Comhairle Bainistíochta an Acadaimh freagrach as gnóthaí airgeadais, foirne agus earcaíochta an Acadaimh a mhaoirsiú. Feidhmeofar de réir an phrionsabail go n-úsáidfear sruthanna ioncaim le haghaidh na gcuspóirí lenar fritheadh iad, mar a dhéantar san ollscoil i gcoitinne.

8. Beidh Stiúrthóir an Acadaimh, nó a (h)ionadaí, ina b(h)all de Choiste Straitéiseach na hOllscoile don Ghaeilge.

9. Comhoibreoidh an tAcadamh le hOifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid i dtaobh dhualgais na hOllscoile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus faoi reachtaíocht teanga ábhartha eile agus mar a rinneadh go nuige seo, reáchtálfaidh an tAcadamh Seirbhís Aistriúcháin thar ceann na hOllscoile d'fhonn na dualgais sin a chomhlíonadh.

**CAIBIDIL II**

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an dara lá déag de Nollaig, Dhá Mhíle agus a Naoi Déag, agus féadfar Reacht CCCLXX, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLXX, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí*

## CHAPTER I

## ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE

1. Statute CCLXXXIV is hereby rescinded.

2. Pursuant to and for the purposes of the University's development strategy in respect of enhancing University education through the medium of Irish, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ('an tAcadamh') is hereby recognised as an Institute of Learning with School status in the College of Arts, Social Sciences, and Celtic Studies.

3. An tAcadamh shall conduct its academic and operational business through the medium of Irish.

4. In fulfilling its role, an tAcadamh shall make available reports to Academic Council and such reports shall form part of the agenda for meetings of Academic Council. The reports shall relate to the responsibilities of an tAcadamh in respect of scholarly and research activities and Irish medium teaching on the University campus and in the community generally, including Gaeltacht University centres.

5. The title Director shall attach to the Head of an tAcadamh and he/she shall report to the Dean of the College of Arts, Social Sciences, and Celtic Studies.

6. The general procedures in respect of the appointment, role, and responsibilities of Heads of School in the University shall henceforth apply to the post of Acadamh Director. The leadership role of Acadamh Director will require a further management and innovation function in light of the diversity of the operations and the geography of An tAcadamh.

7. An tAcadamh shall have an Executive Committee under the chairmanship of the Director with responsibility for the day to day operation of an tAcadamh. Both the Director and the Executive Committee shall be responsible for the supervision of finance, staffing, and recruitment in an tAcadamh consistent with the principle that funding streams are used for the purposes allocated, as applies generally in the University.

8. The Director, or his/her representative, shall be a member of the University Strategic Committee for the Irish Language.

9. An tAcadamh shall collaborate with the Office of the Register and Deputy President with regard to the responsibilities of the University in accordance with the Official Languages Act, 2003 and other legislation materially relevant to the Irish language. An tAcadamh, as has been the practice heretofore, shall deploy the services of its translation service in discharging the aforementioned responsibilities.

## CHAPTER II

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the twelfth day of December, Two Thousand and Nineteen, and may be cited as Statute CCCLXX, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLXX, Nat. Univ. of I., Galway

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí*